

CÚIS NA GAELIGE AGUS TRADISIÚN NA DRÁMAÍOCHTA
I gCOLÁISTE PHÁDRAIG, MAIGH NUAD

TRACEY NÍ MHAONAIGH
OLLSCOIL MHÁ NUAD

In *The Record of the League of St. Columba*, eagrán na bliana 1904–5, scríobhadh an méid seo a leanas:

Two years ago the Columban League began to stage Irish plays. The first attempt, when *Airgead na Croise Caoile* was put on the stage, evoked a great deal of criticism, much of which was meaningless, inasmuch as it came from people whose insight into the spirit of the Gael was very imperfect.¹

Díreach breis agus céad fiche bliain ó shin, mar sin, a chuir na mic léinn an chéad dráma Gaeilge ar an stáitse i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad. Aithníodh sa drámaíocht, meán lena bhféadfadh Cuallacht Cholm Cille, cumann na Gaeilge sa choláiste, an teanga a chur chun cinn. Aithníodh go bhféadfaí, agus go gcaithfí, an Ghaeilge a thabhairt amach as seomra cruinnithe na gcoistí, coistí a raibh tuiscint ag a mbaill cheana féin ar thábhacht agus ar shuibhreas na teanga. Theastaigh uathu teacht ar an gcuid eile de phobal na mac léinn, iad sin nár thuig agus nár chreid i gcúis na teanga. Daoine den chineál ar tagraíodh dóibh sa ráiteas thuasluaite, iad sin a bhí ciniciúil agus cáinteach. Chonacthas don Chuallacht go bhféadfadh drámaí dul i bhfeidhm orthu siúd ar bhealach nach ndearna feachtais eile dá gcuid toisc nár ghá go mbeadh mórán Gaeilge ag na mic léinn le go bhféadfaidís breathnú ar thaibhiú beo. Chreid siad, ach iad a bheith sásta an teanga a bhlaiseadh ar an mbealach seo, go bhfuasclófaí iontu tuiscint ar an saibhreas a bhí ar coimeád inti agus ar an tábhacht a bhain léi.

Dream óg uaillmhianach ab ea muintir na Cuallachta, ach sula i bhfad thuig siad, faoi mar a thuig lucht na gluaiseachta teanga i gcoitinne, nach raibh sé chomh héasca sin drámaí oiriúnacha inléirithe Gaeilge a fháil, agus nach raibh sé chomh héasca sin, ach oiread, suáilc na teanga a chur ina luí orthu siúd nár spéis leo a stair ná a todhchaí. Ach sula ndíreofar ar scéal na drámaíochta sa choláiste, níor mhiste súil siar sciobtha a chaitheamh ar áit na Gaeilge san institiúid sularbh ann do Chuallacht Cholm Cille in aon chor.

¹ Na heagarthóirí, 'Mionnótaí', in *The Record of the League of St. Columba* (1905), 123–7, lch 125. Tá fáil ar script an dráma in eagrán na bliana 1902–3 den fhoilseachán céanna.

Ba ar an 5 Meitheamh 1795 a bunaíodh cliarscoil Mhaigh Nuad.² Le himeacht na mblianta, d'fhás an coláiste agus, de réir mar a tháinig méadú ar líon na mac léinn agus fir óga ag bailiú le chéile ó gach cearn den tír, tosaíodh ar smaointe a fhorbairt agus a mhalartú ina measc, agus tuigeadh, sula i bhfad, go mbeadh an coláiste ina dhomhnán féin, 'macasamhail na h-Eireann iomláine is eadh Magh Nuadhad' mar a maíodh in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* 1922.³ Faoi dheireadh an naoú haois déag, chonacthas seo i gcás na Gaeilge, agus cosúlachtaí móra idir na hiarrachtaí athbheochana a bhí ar siúl laistigh agus lasmuigh den choláiste.

Agus na chéad cheapacháin á ndéanamh ag na hiontaobhaithe i mí an Mheithimh 1795, ceapadh an tAthair Seán Mac Lochlainn ina Ollamh le Gaeilge, cathaoir a bhí ag Ruairí Ó hUiginn ó 1993 gur ghlac sé le post in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath in 2016.⁴ Níor thug Mac Lochlainn faoin ról riamh, áfach, agus ní raibh Ollamh le Gaeilge sa choláiste go dtí gur ceapadh Pól Ó Briain in 1804. Ba é an Brianach an chéad duine a thug seans do mhic léinn sa choláiste an Ghaeilge a fhoghlaim. Cé go raibh na húdaráis sásta ollamh le Gaeilge a cheapadh, thuig Ó Briain go luath nach mbeidís chomh tacúil sin, agus iad buartha go mbreathnófaí ar theagasc na Gaeilge mar chomhartha náisiúnachais. Ba é Máirtín Ó Lachtnáin [Martin Loftus 1820–6] comharba Uí Bhriain i gcathaoir na Gaeilge.⁵ Séamas Ó Maoltuille [James Tully 1828–75] a ceapadh sa ról ina dhiaidh siúd, i ndiaidh don chathaoir a bheith folamh ar feadh beagnach dhá bhliain. Nach mór caoga bliain a chaith Ó Maoltuille sa chathaoir, ach cuirtear ina leith nach ndearna sé rud ar bith ar son na Gaeilge sa choláiste.⁶ Nuair a cailleadh é in 1876, léirigh na húdaráis, ní den chéad uair, an easpa measa a bhí acu ar an nGaeilge, nuair a iarradh ar Michael Logue, a bheadh ina Chairdinéal ina dhiaidh sin, tabhairt faoi theagasc na teanga. Ach bhí Logue ina Dhéan agus neart freagrachtaí cheana féin air.⁷

Ní raibh aon chaint, ó 1877 go dtí 1891, ar chathaoir na Gaeilge a líonadh, ná ní rabhthas róbhuartha faoi theagasc na Gaeilge ach oiread. Is é an socrú a bhí i bhfeidhm ná go roghnaítí mac léinn iarchéime gach aon bhliain a

2 P.J. Corish, *Maynooth College 1795–1995* (Dublin 1995), lch 11.

3 Na heagarthóirí, 'Cúrsaí na bliadhna', in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1922), 60–64, lch 3.

4 Tomás Ó Fiaich, *Má Nuad* (Má Nuad 1972), lch 19.

5 Deir Séamus Mac Liam, i dtuairisc a scríobh sé in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* 1914, gur tairgeadh an chathaoir don Athair Ó Súilleabháin (Daniel O'Sullivan), a d'aistrigh *Imitation à Kempis* go Gaeilge, ar bhás Uí Bhriain, gur ghlac sé léi ach gur éirigh sé aisti nach mór láithreach. ('Maynooth and Irish before the Revival', in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1914), 30–8, lch 34). Níor éirigh liom teacht go dtí seo ar fhoinsé ar bith eile ina luaitear Ó Súilleabháin le cathaoir na Gaeilge.

6 Walter Mc Donald, *Reminiscences of a Maynooth Professor* (Cork 1967), lch 59.

7 Leon Ó Broin, 'The Gaelic League and the Chair of Irish in Maynooth', in *Studies* 52 (208) (1963), 348–62, lch 329.

bheadh ina léachtóir ag na mic léinn óga. Ní raibh aon struchtúr ceart faoi theagasc na Gaeilge, dá bharr, agus bhí sé deacair mic léinn a spreagadh ina leith. Níorbh aon iontas é gurbh iad na mic léinn sin a raibh dúil acu sa teanga cheana féin a d'fhreastail ar na ranganna agus gur bheag an seans go meallfaí mic léinn eile chuici. D'fhéadfaí a áiteamh, go fiú, go ndearnadh iarracht mic léinn a chur ó fhoghlaim na teanga – ní fhéadfaidís freastal ar ranganna ach in aon bhliain amháin dá gcuid staidéir, agus é sin ag druidim le deireadh a dtréimhse sa choláiste; ní raibh ach dhá rang éagsúla ar fáil, ardrang agus rang do thosaitheoirí, agus ní raibh aon iachall orthu freastal ar cheann ar bith acu.

Faoin dtráth seo, bhí Eoghan Ó Gramhnaigh tagtha ar an saol i gCo. na Mí. Thug Ó Gramhnaigh aghaidh ar Mhaigh Nuad i mí Mheán Fómhair 1882 agus thosaigh sé, nach mór láithreach, ar áit na Gaeilge ar an gcampas a athrú. Nuair a chonaic sé gur bunaíodh cumann díospóireachta sa bhliain acadúil 1885/6, shocraigh sé go mbunódh sé féin cumann Gaelach. Níor mhair an cumann ach tréimhse ghairid, ach bunaíodh cumann eile in 1898, ar mhúnla chumann Uí Ghramhnaigh, atá go fóill beo i Maigh Nuad, mar atá, Cuallacht Cholm Cille.

Ar an 3 Samhain, 1898, i ndiaidh dóibh faomhadh na n-údarás a fháil, tionóladh cruinniú tionscnaimh Chuallacht Cholm Cille san Aula Maxima, nó an Halla Mór mar a ghlaodh na mic léinn air. Socraíodh ag an gcruinniú sin go mbeadh sé de chuspóir ag an gCuallacht:

... to foster in the students a due appreciation of the value in the cause of Religion, and of the consequent claims upon the attention of Ecclesiastics, of studies—

- a) in National Literature,
- b) including the National Language;
- c) and in National History,
- d) especially Ecclesiastical,
- e) with its kindred subjects – Hagiology, Archaeology, Social Manners and Customs;

and to encourage among its members the cultivation of these various departments.⁸

8 Coiste Chuallacht Cholmcille, 'Constitution and Rules', in *The Record of the League of St. Columba* (1899), 9–10, lch 9. Tá cur síos níos cuimsithí ar aidhmeanna an chumainn san eagrán céanna, san aiste 'The Aims of the League of St. Columba' (lgh 18–27), aiste a scríobh Pádraig Ó Doibhlin, gaol leis an Moinsíneoir Breandán Ó Doibhlin. Cuireadh aiste seo an Doibhlinigh i gcló athuair in *Irisleabhar Mhá Nuad* 2018, mar aon le haiste ina ríomhtar stair na Cuallachta.

Scríobhadh, in eagrán na bliana 1902–3 den *Record of the League of St. Columba*, iris na Cuallachta:

The underlying principles are, therefore, identical with those of the Gaelic League: it is, in fact, the Gaelic League rendered suitable to our circumstances; and so the Columban League formally determines Maynooth's position in the great National Revival.⁹

Chuir na mic léinn rompu cuspóirí na Cuallachta a chur i gcrích trí pháipéir a léamh, aistí a scríobh agus plé a spreagadh ar na hábhair thuasluaite. Nuair a chonacthas go raibh spéis á léiriú sna nithe sin, tugadh isteach scata duaiseanna a bronnadh ar aistí agus ar dhánta a bhí ag teacht lena gcuid cuspóirí.¹⁰ Trí bhrainse den Chuallacht a bhí ann ar dtús, struchtúr a bhí ag teacht le struchtúr an choláiste féin, agus cuireadh ar bun iontu ranganna agus buíonta Gaeilge,¹¹ cuireadh léamh *An Claidheamh Soluis* chun tosaigh, leagadh béim ar an amhránaíocht thraidisiúnta agus tosnáíodh ar an gcoróin Mhuire a rá as Gaeilge.

Glacadh céim eile arís le stáitsiú *Airgead na Croise Caoile* ar Luan Cásca 1902. Duine de na mic léinn, Tomás Ua Ceallaigh, a scríobh an dráma gearr dhá ghníomh, ceathrar carachtar ar fad ann. Ba ar mhaithe le deacrachtaí bunúsacha áirithe a shárú a scríobh Ua Ceallaigh script bhunaidh – mar a bhí, dráma Gaeilge a aimsiú, dráma a aimsiú a bheadh oiriúnach do lucht sagartóireachta agus dráma ina mbeadh rólanna fireanna chun tosaigh, mar a míníodh sa *Record*:

This little work is the unaided effort of a member of the League. It was written, we understand, chiefly to meet the much-felt need of a play in Irish, suitable for reproduction in our colleges and seminaries. When female parts have to be acted by young men there is a necessary want of naturalness which is prejudicial to the success of the piece. In this play the characters are all male, and another advantage, they are only four in member.¹²

9 D. Ua Dochartaigh, 'The League of St. Columba: its organization and work' in *The Record of the League of St. Columba* (1903), 9–15, lch 10.

10 Na heagarthóirí, 'Miscellanea', in *The Record of the League of St. Columba* (1902), 130–6, lch 130.

11 'Is é is buidhean na Gaedhilge ann, beirt nó triúr nó ceathrar nó cúigear ag siubhal i gcuideacht a chéile agus iad ag léigheamh nó ag cainnt as Gaedhilg le linn siubhal do dheunamh dóibh. Bíonn duine amháin i ngach buidhean a bhfuil a Ghaedhilg aige go measardha maith: eisean "an máighistir", agus bíonn na daoine eile ag foghlaim na Gaedhilge uaidh.' An Tánaiste, 'Obair Muintir Chuilm Cille' in *Irisleabhar Mhuighe Nuadh* (1911), 4–6, 4.

12 Ibid., lch 134.

Maidir leis an léiriú féin, dúradh an méid seo a leanas ina thaobh:
 We desire to give expression to our appreciation of the admirable staging of the piece. The highest praise is due to the indefatigable author, who, with much self-sacrifice, placed before his fellow-students a play so perfect and so deserving of the enthusiastic reception which they gave it. ... Even the hostile critics—for there are such—admitted that the acting was perfect. ... Each character appeared to have made a careful and accurate study of his part, and thus threw himself into it even so far as to improve the situation by an occasional impromptu addition in word and work, with admirable good taste. What wonder, then, that the sneer was changed to a note in harmony with the general applause!¹³

Bhí tús anois curtha ag Cuallacht Cholm Cille le drámaí Gaeilge a léiriú ach thuig siad go mbeadh orthu rud leanúnach a dhéanamh de chun nach gcaillfí an fuinneamh a d’eascair as an gcéad taibhiú seo. Dhá dhráma a cuireadh ar an stáitse, dá bharr, an bhliain dár gcionn:

On Easter Sunday evening we had produced the two little comedies, *Pléasgadh na Bulgóide* and *An Dochtúir*, giving us a glance at some of the humorous aspects of the present Revival. The hearty and oft-repeated bursts of applause that punctuated the various passages left no doubt as to their success.¹⁴

Luadh, i gcuntas eile san eagrán céanna:

Irish Play Night would seem destined to become the most popular variation of the routine of Maynooth life. Last year we commenced modestly and tentatively with a very short and very simple comedy, *Airgead na Croise Caoile*. Emboldened by success, we have this year produced two comedies, *Pléasgadh na Bulgóide* and *An Dochtúir*. The former, as everyone knows, is a version of the farce enacted, with side-splitting effect, by certain Trinity College Professors, before the Royal Commission appointed to inquire into the state of University Education in Ireland.¹⁵

13 Ibid.

14 A. Ua Baoighealláin, ‘General report of the League for the year 1903–1904’ in *The Record of the League of St. Columba* (1904), 131–3, lch 132.

15 Déanann Liam Mac Mathúna plé spéisiúil ar an dráma seo san aiste ‘Na ról a bhí ag an gCraoibhín Aoibhinn, an Géagán Glas agus ‘G.G.’ i gcumadh *Pleusgadh na Bulgóide; Or the Bursting of the Bubble* (1903)’ in *Eadaoin Ní Mhuirheartaigh, Róisín Ní Ghairbhí, Pádraig Ó Liatháin, Ó Chleamairí Go Ceamarai* (BÁC 2021). Féach, leis, Fiontán de Brún, *Revivalism and Modern Irish Literature* (Cork 2019), lch 147.

An Dochtúir is no less enjoyable. Its satire is none the less keen for that it is, as a rule, kept beneath the surface. We forget all but the humour of the situations as we observe the embarrassment of the Doctor, the anxious preparations of Mrs. Clunin, the hopeless bungling of Tadhg and Larry in their enforced *roles*; but the lesson comes home to us in all its force when we have had our legitimate amusement. In this microcosm we have an exact replica of Ireland as it is: in fact, of the world as it is.¹⁶

De réir dealraimh, cuireadh leagan difriúil den dráma ar an stáitse i Maigh Nuad ná mar a cuireadh ina dhiaidh sin ar an stáitse poiblí, agus rian níos láidre den bholscaireacht air:

An Dochtúir, we are glad to notice, has since been given to the public. We are sorry, however, that his enthusiasm has induced the author to introduce propagandist speeches into his play. They sound unnatural at times; occasionally they burden the dialogue. We think, too, that the first scene of the second act, omitted in the performance at Maynooth, were better omitted from the published text also. It has no real part in the unfolding of the drama, and the rather militant propagandism of Mairin detracts as well from the dignity of the character as from the artistic effect of the play.¹⁷

Bhí iarrachtaí na mac léinn i laethanta luatha na Cuallachta dírithe ar chothú na Gaeilge ina measc ach feicimid, le himeacht na mblianta, gur creideadh go bhféadfaí dul níos faide leis:

It is our fervent prayer that this devotion of the students to their organization will grow as the years roll by, and that they will never rest satisfied until they see fully realized its grand ideal, an Irish speaking Maynooth.¹⁸

¹⁶ Ibid., lch 138.

¹⁷ Ibid. Ní haon iontas, nuair a chuimhnítear ar a theirce is atá drámaí Gaeilge anois, gan trácht ar dheireadh an 19ú haois déag/ tús an fichiú haois, gur tharla gur cuireadh cuid de na drámaí céanna ar stáitse an choláiste thar na blianta. I gcás *An Dochtúir*, mar shampla, léiríodh arís é in 1933, tamall maith de bhlianta i ndiaidh an chéad léirithe, agus ba d'aon turas a roghnaíodh arís é, toisc go raibh dráma uathu 'a mhúslóchadh sprid agus fonn chun na Gaedhilge do fhoghluim agus do labhairt ins na macaibh léighinn—chomh maith le hadhbhar suilt do sholáthar dóibh. Agus, a dubhradh, tá an dá thréith san 'san dráma so murab ionann is aon cheann eile, mar is amhlaidh a léirigheann sé cionnus mar a tháinig athrú aigne ar dhaoine áirighthe a bhí lom díreach i geoinnibh na Gaedhilge chómh luath agus a chonnacadar í beó aibidh ar bheolaibh na ndaoine.' Dóimhnall Ó Liatháin, "'An Dochtúir'" agus machtnamh air' in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1933), 42–3, lch 42.

¹⁸ Na heagarthóirí, 'Mionnótaí', in *The Record of the League of St. Columba* (1905), 123–7, lch 123.

Bhí na mic léinn muiníneach, agus tacaíocht á fáil acu ó bhaill foirne ar leith, go bhféadfaidís, agus gur cheart dóibh, díriú ar an aisling uailmhianach seo. D’athin siad an tábhacht, níos mó ná riamh, a bhain leis an drámaíocht mar uirlis leata teanga agus, don tríú bliain as a chéile, cuireadh dráma Gaeilge, ‘Máire Ní Eidhin’, ar an stáitse:

Two years ago the Columban League began to stage Irish plays. The first attempt, evoked a great deal of criticism ... Nothing daunted the League, [and] in the face of much ominous headshaking, [they] tried the same experiment last Easter by producing *An Dochtúir* and *Pléasgadh na Bulgóide*. This time its efforts met with such success that this year all Maynooth looked forward to the “Irish Play night” as one of the big events of the term. And it was a big event. On the eve of Shrove Tuesday *Máire Ní Eidhin*, written by Tomás MacAmhalghaidh, one of the staunchest Leaguers in the College, occupied the stage. ... On that night Maynooth went away from the McMahon Hall delighted.¹⁹

Aithníodh, faoin am seo, go mbeadh áit ag drámaíocht na Gaeilge ar chlár imeachtaí an choláiste, agus beartaíodh go ndéanfaí drámaí a léiriú go rialta. Tagraíodh, in *Record* na bliana 1905–6 don athrú a bhí le sonrú in atmaisféar an choláiste i dtaca leis an teanga, a bhuí sin le hiarrachtaí na mac léinn, idir chainteoirí láidre agus iad siúd a bhí á foghlaim.

Aodh Ó Néill, a scríobh Conán Maol, an dráma a cuireadh ar an stáitse an bhliain acadúil sin, ar an 7 Nollaig 1905. Ach níorbh ionann an dráma seo agus na drámaí a léiríodh go dtí sin, mar a míníodh i gcuntas na Cuallachta:

The staging of “Aodh O’Neill” (“Conán Maol a sgríobh”) we regard as the first decided step towards an Irish drama as such within the College, and from the advance thereby attained we feel there must be no going backwards. Hitherto with us as with the Gaelic League, throughout the country the propagandist play has had a monopoly of the Irish stage; and, indeed, with every show of reason. But we think its day should now have past—that it should now give way to, or at least be subordinate to the higher historical form of drama. ... This was indeed the general feeling as we watched the admirable performance on “Irish Play night”. “Aodh O’Neill”, though of course very short as it stands,—in fact, little more

19 Ibid., lch 126. Tharla rud mór eile an bhliain chéanna a chabhraigh leis an spiorad náisiúnta a threisiú i measc mhic léinn an choláiste – cuairt An Chraoibhín: ‘The most powerful impetus which the League received during the year came from *An Craoibhín*’s lecture. Maynooth was glad to meet *An Craoibhín*, because Maynooth respects and values both himself and his work. We thought the applause would never cease as he came forward to address us.’ Ibid.

than a skeleton-play,—has certainly the stuff and many of the qualities of a good historical drama.²⁰

Bhí ag éirí chomh maith sin le cúis na Gaeilge sa choláiste gur maíodh in *Irisleabhar Mhá Nuad* (IMN) 1907 (ba é seo an chéad eagrán riamh den *Irisleabhar* a tháinig in áit an *Record*), ag tagairt d’imeachtaí na bliana sin, gur:

dhóigh leat gur i gceanntar Gaedhealach do bhí tú, bhí an Ghaedhilg chomh blasda soin aca, siúd is gur iomdha ceann aca nach raibh focal Gaedhilge ’na phluic aige ag teacht isteacht ’sa gColáiste dhó.²¹

Eoghan Ruadh Ua Néill an dráma a léiríodh an bhliain sin. Foilsíodh an bhliain chéanna é agus an cur síos seo a leanas ar leathanach tosaigh an leagain chlóite:

Dráma stardha ag baint le cogadh 1641, do cumadh agus do chéad-léirigheadh i gColáiste Phádraig i Maigh Nuadhad. Beirt mhac-léighinn a d’ullmhuigh agus do chuir i n-eagar.²²

Cé go raibh rath ar go leor d’fheachtais na Cuallachta, ní raibh ag éirí leo fis an chumainn a réadú – go bhféadfaí Maigh Nuad a ghaelú ar fad.²³ Ba iad easpa díograise na mac léinn agus a n-easpa toilteanais úsáid a bhaint as an teanga na dúshláin ba mhó a aithníodh roimh rath na físe. Ach níor chabhraigh an líon beag drámaí a bhí ar fáil leis an gcuid áirithe sin de ghluaiseacht na Gaeilge ar an gcampas, agus cuireadh i gcló aiste an-chuimsitheach ar an gceist seo in IMN 1909, dar teideal ‘National Drama in Ireland’.

Níor cailleadh misneach, áfach, agus ba é *An t-Athrughadh Mór* an dráma a léiríodh lá Fhéile Pádraig na bliana sin.²⁴ In 1910, ansin, léiríodh dhá dhráma – *Déirdre* agus dráma beag grinn, *An Comhrac*. Údar na haiste thuasluaite ar staid na drámaíochta náisiúnta a scríobh an léirmheas ar *Déirdre* a cuireadh i gcló san *Irisleabhar*, agus dhírigh sé athuair ar an nganntannas drámaí, gan fiacail á cur ann aige maidir leis an gcúis a bhí leis.

20 Na heagarthóirí, ‘Mionnótaí’, in *The Record of the League of St. Columba* (1906), 132–7, lch 133.

21 An Rúnaire, ‘Obair na bliadhna’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1907), 54–6, lch 54.

22 Connradh Chuilim Naomhtha, *Eoghan Ruadh Ua Néill* (Baile Átha Cliath 1907), leathanach teidil.

23 ‘Chan fuil an Ghaedhealg fíchte fuaighte le beathaidh agus le saoghal na mac léighinn mar ba chóir agus mar ba riachtanach leis an Coláiste do Ghaedhealughadh ó bhun go bárr’. Dubhthach, ‘Obair na Gaedhilge i gColáiste Muighe Nuadhad’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1908), 74–8, lch 75.

24 Na heagarthóirí, ‘Notes’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1909), 92–6, lch 92.

The most important dramatic event of recent years in our College theatre was the production this year of Fr. O’Kelly’s “Déirdre”. It may sound strange, but it is none the less true, that little progress has been made in the writing of Irish plays since the presentation of Dr. Hyde’s “Casadh an tSúgáin” some nine years ago. But the reason is plain. Our writers have been so much occupied with incessant propaganda that they have not had time to write leisurely and carefully genuine dramatic work.²⁵

Maidir leis an dráma féin, mhol sé go hard iarrachtaí an té a chóirigh é:

In “Déirdre”, however, a great advance has been made, and we personally have reason to be proud that the author was at one time a prominent member of the Columban League. He has gone to the old Irish tales for his theme and has written a beautiful heroic play.²⁶

Nuair a chuimhnítear ar an deacracht bhunúsach a bhí ag mic léinn Mhaigh Nuad maidir le rólanna bainneanna a líonadh, tá an moladh seo a leanas níos láidre ná mar a bheadh, is dócha, agus foireann mheasctha ar fáil. Mártan Ua Muireadhaigh a ghlac ról Dhéirdre:

... the play deserves the sincerest praise. ... Nothing better in modern Irish has been given than the exquisite love-scene between Déirdre and Naoise in [the second] act. Mártan Ua Muireadhaigh as Déirdre was a signal success. He acted the part with grace and dignity and threw into the piteous appeals of Déirdre an intensity of passion that thrilled the audience again and again.²⁷

Ó 1910 go dtí 1920, cuireadh cúig dhráma Gaeilge ar an stáitse: *Seabhad na Ceathramhan Caoile* in 1912, *Mac Cárthaigh Mór* in 1914, *Máire Ní Eidhin* in 1917, agus *Seabhad na Ceathramhan Caoile* agus *An t-Athrughadh Mór* in 1919.²⁸

Tá sé spéisiúil go raibh fiúntas na drámaíochta i scéal na teanga ina hábhar plé i measc cuid de na mic léinn faoin dtráth sin agus amhras ar chuid acu maidir leis an ról a d’fhéadfadh a bheith aici:

25 E. Ua Fuaráin, ‘Déirdre’, in *Irisleabhar Muighe Nuadh* (1910), 61–62, lch 61.

26 Ibid.

27 Ibid.

28 Faoin dtráth seo, bhí an cinneadh déanta ag coiste an Halla Mhóir drámaí a chur ar an stáitse as Béarla agus as Gaeilge gach re bliain, cé nach mar sin a tharla sé i gcónaí.

It is a debated point, however, whether the energy spent on the Irish play in the present circumstances might not be otherwise invested with greater profit for the language.²⁹

Faoi theacht na bhfichidí, aithníodh spiorad nua i measc Ghaeil Mhaigh Nuad, a bhúi sin, cuid mhór, le troid na saoirse agus fuinneamh nua an náisiúnachais sa tír:

Acht cionnus atá an scéal againn i Muigh Nuadhat anois, nó bhfuil saothar na Gaedhilge 'á dheunamh againn chómh dúthrachtach agus ba cheart dúinn a dheunamh? Buidheachas le Dia is mór an t-athrughadh a tháinig orainn le sgathamh fada. Tamall ó shoin ba lag an sprid a bhí againn, acht tháinig léas fannsoluis orainn a thug an fuinneamh agus an spreachadh agus an misneach dúinn. Ga ghréine na saoirse ab eadh an léas sin, agus do thug sé le tuigsint go soiléir dúinn narbh í an sclábhaidheacht ba dhual dúinn acht an tsaoirse.³⁰

Le linn na tréimhse céanna, dúndadh an Halla Mór chun go ndéanfaí é a athchóiriú agus bhí muintir na Gaeilge thar a bheith sásta gurbh í 'an Ghaedhilg an chéad t[h]eanga a labhradh ar an ardán agus b'é dráma beag i nGaedhilg an chéad chluiche a taisbeánadh'³¹ tar éis don halla oscailt arís in 1922.

Faoi shamhradh '22, áfach, bhí athrú suntasach tagtha ar mheon na tíre, agus cogadh na gcarad anois ar siúl, agus athrú, leis, ar mheon mhic léinn an choláiste:

Nidh nach iongnadh macasamhail na h-Eireann iomláine is eadh Magh Nuadhad. Cibé spiorad a bhíos 'sa tír, le fios dóibh nó i ngan fhios dóibh bíonn macasamhail an spioraid sin le fágáil ins na micléighinn annseo. Sa t-samhradh seo chuaidh thart bhí spiorad láidir náisiúnta ar fud na tíre. ... ní thiocfadh leis na mic léinn a bheith ar fud na tíre agus a leithéid de spiorad ann gan anáil mhór a bheith ag an spiorad sin orthu. Tháinig siad ar ais óna gcuid laethanta saoire san fhómhar agus ní fada go raibh gach mac léinn beagnach sna buíonta "ag foghlaim na Gaeilge le haoibhneas agus bród" agus an curfá sin mar rosc catha acu, "teanga na hÉireann ní chaillfear í go deo". Mhair an deagh-spiorad sin thuas agus lean an deagh-obair leis go dtí go rabhmuid ag tarraingt ar dheireadh an chéad

29 Gan ainm, 'Jottings', in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1912), 140–1, lch 140.

30 Gan ainm, 'Cúrsaí na bliadhna', in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1919), 95–100, lch 96.

31 Na heagarthóirí, 'Cúrsaí na bliadhna', in *Irisleabhar Muighe Nuadhad* (1922), 60–64, lch 61. 'Ní raibh sa dráma seo ach iarracht b[h]eag gan amhras, an tráithnín a thaisbeánann treó na gaoithe, ach beidh áthas ar Ghaedhil Muighe Nuadhat go deó do rádh is go raibh teanga ársa ár dtíre fé réim sa Choláiste ar oscailt do 'n Halla Mhór an tarna uair.' Ibid.

téarma nuair a tharla an tubaiste a rinne críochnú lag de thosnú láidir. Cé acu ab í anáil na scoilte uathbhásaighe 'san náisiún ba chionntaidh leis nó nárbh í, ní fhuil fhios againn.³²

Ní haon iontas, i bhfianaise an méid sin, nach bhfacthas drámaí Gaeilge ar stáitse an choláiste mórán sna fichidí luatha. Léiríodh *Mac Cárthaigh Mór* in 1923, ach drámaí Béarla de chuid Shakespeare a bhí chun tosaigh sa tréimhse sin agus *Hamlet*, *Macbeth*, *The Merchant of Venice*, *Twelfth Night*, *Richard II* agus *Henry IV* ar an stáitse ceann i ndiaidh a chéile.

Tháinig feabhas ar chúrsaí i mblianta deireanacha na bhfichidí, áfach, agus cuireadh *Aintioghoiné*, *Rí Oidiopús* agus *Oidiopús i gColón* ar an stáitse in 1927, 1928 agus 1929 faoi seach, a bhuí sin leis an Dr Pádraig de Brún a réitigh na haistriúcháin. In aiste le hiníon deirfear Phádraig, Máire Mhac an tSaoi, in *Léachtaí Cholm Cille XXIII*, tugann sí suntas do na leaganacha 'seanda agus ársa' teanga sa chéad dá théacs toisc a huncail a bheith i gcoinne leaganacha den chineál sin faoin am ar chuir sí féin aithne cheart air. Ach admhaíonn sí go gcaithfidh sé go raibh 'próiseas éabhlóide ar siúl' aige sa tréimhse sin toisc 'saoráid nua' ina chuid Gaeilge le haithint ar *Oidiopús i gColón*. An comhlúadar a choinnigh sé i nDún Chaoin ba chúis leis sin, dar léise.³³

32 Ibid., lch 63–4. Bhí taithí seo na mac léinn ag teacht le taithí Chonradh na Gaeilge sa tréimhse chéanna. Féach Aindrias Ó Muimhneacháin, *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922–1932* (Corcaigh 1974): 'Don bhliain 1922–23 níor tháinig go hArdoifig Chonradh na Gaeilge do Chiste na Teanga, de thoradh an bhailiúcháin náisiúnta, ach £3,736, murab ionann is £7,755 an bhliain roimhe sin. Is geall le míorúilt é gur tháinig an oiread sin in aon chor, agus b'fhada ón méid sin féin é an chéad bhliain eile. ... Coicíos *sic* sular gabhadh Éamon de Valera is ea a tionóladh Comhdháil 1923 de Chonradh na Gaeilge, agus ba léanmhar a raibh le tuairiscíú don Chomhdháil sin i dtaobh staid ghluaiseacht na Gaeilge ar fud na tíre' (lch 32). Ach dírionn Ó Muimhneacháin, ina dhiaidh sin, ar an mbealach ar chuidigh an Conradh le daoine a thabhairt le chéile arís i ndiaidh an chogaidh: '[th]áinig isteach i dteannta a chéile sna ranganna Gaeilge faoi dheireadh na bliana sin 1923, agus go ró-áirithe sa chúpla bliain nó trí ina dhiaidh sin, fir óga agus mná óga a bhí i rith blianta úd achrainn an chogaidh chathartha, d'áis nó d'éigean, ag iarraidh an ceannsmách a fháil ar a chéile agus a dhoirt fuil a chéile agus fuil a gcomhbhráthar gaoil' (lch 38). Ghlac sé cúpla bliain eile sula raibh ar chumas na mac léinn i Maigh Nuad a fhógairt in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* 1925, 'go bhfuil an oidhche tharainn agus an "lá geal ag teacht"' (lch 79). Ag cur síos dóibh ar iarrachtaí na Cuallachta an bhliain sin, tuairiscíodh go ndearnadh 'iarracht na mic léighinn do b'fhéarr sprid 'is eolas do tharrac isteach inntí agus iad do chongbháil níos dlúithe le na chéile ná mar do bhídis. ... Dá bhrígh sin go léir is dóigh linne ar chuma ar bith gur féidir a bheith dóchasach. Tá an síol dá chur, le congnamh Dé tiocfaidh fóghmhar maith' (Ibid.). Ar an drochuair, faoi na tríochaidí luatha bhí Cuallacht Cholm Cille ag streachailt go mór: 'Bhí sí chomh lag san gur dócha go raibh mic léinn sa Choláiste an uair sin do shíl go raibh an Chuallacht básaithe – má bhí a fhios acu go raibh leithéid na Cuallachta riamh ann.' Gan ainm, 'Ár Scéal Féin', in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* (1946), 82–83, lch 82.

33 Máire Mhac an tSaoi, 'Pádraig de Brún agus an Ghaeilge', in *Léachtaí Cholm Cille XXIII* (1993), 140–60, lgh 147, 149, 151.

Maidir leis an dráma *Aintioghoiné*, fógraíodh go raibh ‘cleamhnas uasal déanta [ann]:– [idir] clisteacht na Gréige agus Uachtar na Gaedhilge’.³⁴ Léiríodh é sa choláiste ar an 27 Márta 1927 agus scríobhadh léirmheas air in IMN na bliana sin, léirmheas inar leagadh béim ar luach an leagain Gaeilge den dráma.³⁵

Dubhart féin cheana agus deirim arís é gur muar go léir an chéim ar aghaidh don Ghaedhilg an dráma so bheith againn ’nár dteangain féin, agus bheith á léiriú go bríomhar blasda ag macaibhléighinn ár gcoláistí.³⁶

Aodh de Blácam a scríobh an léirmheas ar *Rí Oidiópús* a cuireadh i gcló san fhoilseachán céanna an bhliain dar gcionn:

Corruair sa t-saoghal ghruamdha Ghallda so, bíonn sé i ndán do dhuine lá amháin do chaitheamh ar nós a chuimhneochas sé go deó. Sin díreach mar a tharla domhsa lá Fhéile Pádraig, nó ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá iongantach soin choidhche. Cuairt a rinn mé ar Magh Nuadhad ar cuireadh Uachtaráin Choláiste Phádraig.³⁷

Maidir leis an léiriú féin, mhol sé go hard na spéire é agus dúirt nach raibh an léiriú a chonaic sé in Amharclann na Mainistreach ‘leath chómh maith leis an léiriú soin i Magh Nuadhad’.³⁸

‘An Seabhac’ a scríobh an léirmheas in IMN 1928 ar Oidiópús i gColón:

Do bhí maordhacht agus áille san iarracht uile a dheimhnigh gur caitheadh staidéar agus teagasc tuigseach agus cuid mhaith tallainne leis an réimh-chleachtadh. Do bhí doimhneas agus téagar sa cheol ... agus cuid de go sárbhreagh.³⁹

Thagair sé do na fir ansin a bhí i ról na mban:

Dá fheabhas é aisteoireacht ‘na mban’ san dráma do scéidh gairbhe an ghutha ar an mbréigriocht agus do bhain ó’n dtaidhseamh iomlán.⁴⁰

34 Cuallacht Chuilm Cille, ‘Nuaidheacht do Ghaedhilgeoirí’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* (1927), lch xvii (fógraí).

35 S.O.C. ‘An t-Aintioghoiné á léiriú i Magh Nuadhad’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* (1927), lch 34.

36 Ibid.

37 Aodh de Blácam, ‘Oidheadh Oidiópús’, in *Irisleabhar Muighe Nuadhat* (1928), 46–8, lch 46.

38 Ibid.

39 An Seabhac, ‘Oidiópús i gColón’, in *Irisleabhar Mhuighe Nuadhat* (1929), 59–60, lch 59.

40 Ibid., lch 60.

Ach b'in rud nach raibh aon neart ag mic léinn an choláiste air!
Tá nóta spéisiúil in IMN 1930 maidir le drámaí de Brún agus léiriú na ndrámái Gaeilge i gcoitinne:

Ní raibh aon dráma Gaedhilge againn i mbliadhna. Tá súil againn nach dtuigfear uaidh sin go bhfuil éirighthe againn as a leithéid. Ba mhaith linn freisin a chur in iúl nárbh é an Dr. de Brún a dhiúltuigh dúinn aistriúchán eile a chur ar fághail ... ach bhí a lán de na mic-léighinn ghá rádh go bhfuil an iomarca drámaí againn in aghaidh na bliadhna; ... Dá bhrígh sin b'fhacthas dúinn rud a dhéanamh ar chuid dár gcáirdibh agus ar chuid nach bhfuil ar aon intinn linn, agus bliadhain amháin a leigint thart. Ach ná ceapadh aoinne go bhfuil deire curtha ar an deagh-nós; támuid ag súil go mbeidh dráma maith againn an bhliadhain seo chugainn.⁴¹

Cé nach raibh sé i gceist ag na mic léinn ach sos sealadach a ghlacadh ó léiriú drámaí Gaeilge, tharla sna blianta ina dhiaidh sin nár cuireadh mórán as Gaeilge ar stáitse an Halla Mhóir in aon chor. Léiríodh *An Dochtúir Bréige*, aistriúchán Fhionnáin Uí Loinnsigh ar dhráma Molière, in 1932, agus *An Dochtúir* in 1933. De réir dealraimh, níor cuireadh dráma Gaeilge ar an stáitse arís gur léirigh teach na Sóisear dráma gearr lá Fhéile Pádraig 1942. In 1946, ansin, léiríodh *An Trucaillín Donn*, agus *Muireann agus an Prionnsa* in 1947. Ar an drochuair, bhí rath na ndrámái ó na tríochaidí luatha ar aghaidh ag teacht le rath na Gaeilge féin sa choláiste – thuas seal thíos seal. Níor cuireadh eagrán de IMN féin i gcló in 1935, 1936 ná 1939, agus níor cuireadh i gcló sna daichidí ach dhá eagrán ar fad, in 1946 agus 1947, agus ról nach beag ag Tomás Ó Fiaich leo. Faoi mar a mhíníonn sé féin dúinn in eagrán na bliana 1973:

Is minic a dúradh ó shin gurbh éigean éirí as an Irisleabhar de bharr an dara cogadh mór. Ach níor foilsíodh ach dhá uimhir den Irisleabhar idir 1938 agus 1953. Ní leor cogadh a mhair sé bhliain mar mhíniú ar thost a mhair trí bhliain déag. Bhí an tIrisleabhar imithe in éag bliain sula dtáinig an cogadh agus ní cuimhin liom go raibh flosc mór ar aon duine chun a athbheochana nuair a tháinig mé go Má Nuad mar mhac léinn i bhFómhar na bliana 1940. Is é fírinne an scéil é, dar liom, go raibh an Ghaeilge in ísle bhrí i Má Nuad faoi dheireadh na dtríochaidí. Is beag meas a bhí ar an Ghaeilge mar ábhar agus chaití am na ranganna ag plé ceisteanna gramadaí trí Bhéarla, ní ag cleachtadh labhairt na teanga. Bhí sruth na hinspioráide a tháinig anuas ó ré Uí Ghrámhaigh agus Uí Icí

41 Cuallacht Chuilm Cille, 'Ár Scéal Féin', in *Irisleabhar Mhuighe Nuadhad* (1930), 78–80, lch 79.

beagnach imithe i ndisc ar fad, agus is eagal liom go raibh ar an Ath. Donnchadh Ó Floinn tosú as úire nuair a tháinig sé go Má Nuad i 1940.⁴²

Bhí rudaí níos fearr ó thaobh na Cuallachta de sna caogaidí, ó 1953 ar aghaidh, agus tá an chuma ar an scéal gur tosaíodh ar dhrámaí Gaeilge a léiriú i gceart arís, leis, bíodh is nach bhfuil de thaifead againn ach tagairtí fánacha do na léirithe. Idir 1964 agus 1968, ansin, léiríodh *Punt ar Iarratas*, *Bhfuil Gealt anseo*, *Iníon Rí Dhún Sobhairce*, *An Triail*, *Corp Eoghain Uí Shúilleabháin*, a raibh Éamonn de Valera i láthair aige, agus *Breithiúntas*.

Sa bhliain 1966, ligeadh do mhná rialta staidéar a dhéanamh i gColáiste Phádraig ach ba réabhlóidí go mór é an cead a thug an chliarscoil do mhná i gcoitinne teacht trí na geataí chun staidéar a dhéanamh ann i bhfómhar na bliana 1968. De thoradh idir sin agus an Dara Comhairle Vatacánach, tháinig athrú suntasach ar shaol an choláiste ón bpointe sin ar aghaidh, osclaíodh saol na mac léinn sagartóireachta cuid mhór agus laghdaíodh go mór ar thábhacht an Halla Mhóir. Ní hé sin le rá nár cuireadh dráma ar bith, Gaeilge ná Béarla, ar an stáitse ina dhiaidh sin, is é rud a cuireadh, cé nár tugadh cead ar dtús do na mná ról gníomhach a ghlacadh i gcúrsaí drámaíochta, mar a mhíniúnn Kay Kent in alt a scríobh sí in *The Irish Times* in 1969:

And the more conservative contend that it is monstrous that the girls should be barred from acting in the Dram. Soc. productions, merely because the dressing-room space is inadequate.⁴³

Bhain an cosc céanna le léirithe de chuid na Cuallachta leis, ach bhí léas beag dóchais de chineál eile i dtaca le cás na Gaeilge ag an am:

The clerical students now go more regularly to the Irish debating evenings, out of interest to hear what the girls have to say.⁴⁴

Nuair atáimid ag breathnú ar scéal Choláiste Phádraig ó dheireadh an naoú haois déag go dtí lár an fichiú haois, níor mhór dúinn cuimhneamh ar an saol a bhí ag na hábhair sagairt. Ná déanaimís dearmad gur tugadh le chéile sa choláiste fir óga ó gach cearn den tír, ina gcéadta, gur cuireadh ina gcónaí i dtí thigh éagsúla iad agus gan cead acu mórán a dhéanamh san am saor a bhí acu ach a bheith ag caint, ag díospóireacht agus ag pleanáil rompu.

42 Tomás Ó Fiaich, '75 bliain slán ag Irisleabhar Mhá Nuad', in *Irisleabhar Mhá Nuad* (1973), 57–65, lch 63.

43 Kay Kent, 'Women in Maynooth: Seminarists are happy about the change', in *The Irish Times*, (1969), 5 Bealtaine, lch 6.

44 Ibid.

Bhí an t-am acu, dá bharr, chun imeachtaí nua a chur ar bun, grúpaí a bhunú ina ndéanfaí cleachtadh ar an nGaeilge labhartha, ina mbreathnófaí ar dhánta agus ar amhráin thraidisiúnta, ina léifí *An Claidheamh Soluis* agus ina gcuirfí chun cinn na cuspóirí a leag bunaitheoirí Chuallacht Cholm Cille síos an chéad lá riamh. Ach go fiú sa suíomh idéalach sin, theip ar dhíograiseoirí na Gaeilge an dul chun cinn a bhí uatha a dhéanamh.

Tógadh an Ghaeilge amach as seomra cruinnithe na Cuallachta le léirithe drámaí agus ceolchoirmeacha ach, d'ainneoin a gcuid iarrachtaí ar fad, níor éirigh leo tine na teanga a lasadh ach i measc sciar beag de na mic léinn, cuid mhór acu sin a raibh a gcroí cheana féin sa chúis.

Mar sin féin, de thoradh dhua mhic léinn Choláiste Phádraig, Maigh Nuad, scríobhadh, cóiríodh agus aistríodh roinnt mhaith drámaí Gaeilge le linn thréimhse na hathbheochana go háirithe, cuireadh ar an stáitse iad sin agus drámaí eile, agus shaothraigh siad go maith an t-aitheantas náisiúnta a tugadh dóibh sa troid ar son na teanga. Faoi mar a dúirt An Craoibhín agus é ar tí fillleadh ó Mheiriceá: Maynooth is the most Irish spot in Ireland to-day.⁴⁵

45 Máire de Buitléir, 'Irish Womanhood – A Tradition and A Trust', in *The United Irishman*, (1906), 24 Márta, 2–3, lch 3.